An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán: 0022/2025

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Clár Teastais/Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí atá ag obair le Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Uathachas acu

Réamhrá

Beidh sé mar aidhm ag an gclár eolas, tuiscint agus scileanna múinteoirí a fhorbairt agus iad ag obair le scoláirí uathacha a bhfuil uathachas orthu agus, dá réir sin, cur le hacmhainn iomlán na scoile sa réimse sin.

1. An Clár 2025/2026

Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) St Angela's ag tairiscint Teastas/Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais Uathachas, Clár Forbartha Gairmiúla Múinteoirí Uuathachais. Déantar á thairiscint i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) do mhúinteoirí mac léinn uathacha. De réir na gclár atá á dtairiscint ag ATU St Angela's, tá an clár seo creidiúnaithe ag Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus bronnfar Teastas/Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais - Uathachas air.

Beidh suas le 25 áit ar fáil ar an gclár don scoilbhliain 2025/2026.

2. Aidhm agus Ábhar

Beidh sé mar aidhm ag an gclár eolas, tuiscint agus scileanna múinteoirí a fhorbairt agus iad ag obair le scoláirí uathacha agus, dá réir sin, cur le cumas foriomlán na scoile oideachas cuimsitheach a sholáthar do scoláirí uathachais.

Bronnfaidh OTA na cáilíochtaí ar na rannpháirtithe a chuirfidh an clár i gcrích go rathúil. **Déanfar rannpháirtithe a mheas ar bhonn tinreamh iomlán ar an gclár, tascanna roghnaithe agus tascanna scríofa a chur i gcrích go sásúil, mar aon lena gcuid oibre sna scoileanna.**

Déanfar iarratais ar aitheantas do réamhfhoghlaim (RPL) a bhreithniú faoi pholasaí agus nósanna imeachta RPL na hOllscoile. Déanfar cúrsaí ábhartha CNOS i bhfoghlaim agus i dteagasc scoláirí uathacha a bhreithniú sa chomhthéacs seo.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil d'iarrthóirí ó OTA Coláiste San Aingeal, Sligeach ar a suíomh gréasáin ag Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona/Teastas i Riachtanais Speisialta Oideachais - Uathachas - Coláiste San Aingeal (stangelas.ie) agus ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag www.ncse.ie.

3. Fad agus Eagrú

Is clár forbartha gairmiúla é an Teastas Iarchéime a chaithfear a chríochnú i mbliain acadúil **amháin**.

Is clár forbartha gairmiúla é an Dioplóma Iarchéime a chaithfear a chríochnú laistigh de thréimhse **dhá** bhliain.

Nuair a chríochnaítear an Teastas Iarchéime i mbliain a haon, caithfidh iarrthóirí ar mian leo an Dioplóma Iarchéime a dhéanamh é sin a dhéanamh sa bhliain acadúil ina dhiaidh sin.

Tá ceithre mhodúl sa chlár, mar seo a leanas:

- **Teastas Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais - Uathachas**
    - **Modúl a haon (Croí-Mhodúl)** – Uathachas a Thuiscint: Dearcthaí Teoiriciúla agus Impleachtaí don Chleachtas

      Agus

      Modúl a dó – Rannpháirtíocht Scoláirí le hUathachas: Measúnú agus Pleanáil don Teagasc agus don Fhoghlaim

      Nó

    - **Modúl a trí** – Scoláirí le hUathachas: Cuir Chuige Teagaisc
- **Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais – Uathachas**
    - **Modúl a haon** - Uathachas a Thuiscint: Dearcthaí Teoiriciúla agus Impleachtaí don Chleachtas

- **Modúl a dó** – Rannpháirtíocht Scoláirí le hUathachas: Measúnú agus Pleanáil don Teagasc agus don Fhoghlaim

- **Modúl a trí** – Scoláirí le hUathachas: Cuir Chuige Teagaisc

- **Modúl a ceathair** – Tacú le Scoláirí le hUathachas maidir le Rialú Mothúchánach agus Iompar Dearfach a Chothú

Má chríochnaítear Modúil 1 (Croí) agus 2 nó 3, mar aon leis an obair chúrsa riachtanach agus cleachtadh oibre a chur i gcrích go sásúil, bronnfar Teastas Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas).

Má chríochnaítear an dá mhodúl bhreise mar aon leis an obair chúrsa riachtanach bronnfar Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas).

Ní gá go mbeadh ar rannpháirtithe modúil ar leith a chríochnú in ord seicheamhach.

Don chlár seo, beidh gá le scaoileadh ón scoil ar feadh tréimhse ó ocht lá déag (Teastas) go seacht lá is tríocha (Dioplóma) ar a laghad thar an tréimhse dhá bhliain.

Beidh ar iarratasóirí rathúla freastal ar feadh 5 Shatharn, ar a laghad, ag ionad lárnach.

Is cuid riachtanach den chlár cuairteanna ranga ó phearsanra CNOS agus OTA San Aingeal ar mhaithe le soláthar tacaíochta agus measúnú ar chleachtadh oibre faoi seach.

4. Incháilitheacht

Tabhair do d'aire nach mór do na múinteoirí go léir a bheith cláraithe i gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tagair, le do thoil, do shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá an clár seo ar fáil do mhúinteoirí cláraithe a bhfuil post acu atá maoinithe faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus atá ag obair faoi láthair le scoláirí uathacha nó a bheidh ag obair le scoláirí uathacha le linn fhad an Chláir i mBunscoileanna aitheanta lena n-áirítear Scoileanna Speisialta agus Iar-bhunscoileanna aitheanta. **Rinneadh an clár a dhearadh go sonrach chun cuidiú le múinteoirí freastal ar riachtanais foghlama agus teagaisc scoláirí uathacha.** Dá bhrí sin, caithfidh iarratasóirí ionchasacha a bheith i ról múinteoireachta le scoláirí uathacha.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gur chóir fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de chud na Comhairle Múinteoireachta a bheith curtha i gcrích chun páirt a ghlacadh sa chúrsa.

(a) Bunscoileanna

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir[1] Dheimhnithe Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar aghaidh nuair a bhíonn an fhoirm iarratais á cur isteach acu (féach an fonóta thíos). Má tá an réimse "Earnáil(Earnálacha) Oideachais" folamh beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc in earnáil phríomhshrutha na bunscoile nó chun scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a theagasc in earnáil na bunscoile.

Ba cheart d'iarratasóirí ó bhunscoileanna a dtréimhse phromhaidh a bheith curtha i gcrích go sásúil acu.

(b) Iar-bhunscoileanna

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir Dheimhnithe Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar aghaidh, nuair a bheidh a bhfoirm iarratais á cur isteach acu (féach an fonóta thíos). Má tá an réimse "Earnáil(Earnálacha) Oideachais" folamh beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc in earnáil phríomhshrutha na hiar-bhunscoile nó chun scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a theagasc in earnáil na hiar-bhunscoile.

Ba chóir d'iarratasóirí ó Iar-bhunscoileanna a n-Ionduchtú agus a bhFostaíocht Iar-cháilíochta (PQE) a bheith críochnaithe go rathúil acu

(c) Scoileanna Speisialta

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir Dheimhnithe Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar aghaidh, nuair a bheidh a bhfoirm iarratais á cur isteach acu (féach an fonóta thíos). Má tá an réimse "Earnáil(Earnálacha) Oideachais" folamh beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc in earnálacha príomhshrutha na bunscoile nó na hiar-bhunscoile nó chun scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a theagasc in earnáil na bunscoile nó na hiar-bhunscoile nó chun teagasc i suíomhanna scoileanna speisialta.

Ba cheart d'iarratasóirí ó Scoileanna Speisialta a dtréimhse phromhaidh a bheith curtha i gcrích go sásúil acu.

[1] **Tá litir um Dhearbhú Clárúcháin ar fáil le híoslódáil ón Áis Logála Isteach do Mhúinteoirí Cláraithe ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie**

Ní mór do mhúinteoirí atá rannpháirteach sa chlár seo leanúint de ról teagaisc a bheith acu le linn an chláir maidir mic léinn uathacha ar feadh ré an chláir. Moltar freisin do bhainistíocht scoileanna gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go leanann scoláirí le huathachas ag baint leasa as eolas agus saineolas na múinteoirí sa réimse seo, trí mhúinteoirí a bhfuil an clár seo críochnaithe go rathúil acu a shannadh do shuíomhanna a bhaineann go sonrach le huathachas. D'fhéadfadh cleachtais chomhoibríocha, ar nós teagasc foirne, a bheith mar chuid de na socruithe seo freisin.

5. Iarratais agus Roghnú

Ba chóir do mhúinteoiri incháilithe, a ainmníonn a n-údarás scoile agus ar mian leo go ndéanfaí iad a mheas le haghaidh iontrála ar an Teastas Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais – Ba cheart iarratas a dhéanamh tríd an nasc seo, Postgraduate Certificate in Arts in Special Educational Needs - Autism.

Ba chóir do mhúinteoiri incháilithe, a ainmníonn a n-údarás scoile agus ar mian leo go ndéanfaí iad a mheas le haghaidh iontrála ar an Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais – Ba cheart go gcuirfí isteach ar Uathachas tríd an nasc seo: Postgraduate Diploma in Arts in Special Educational Needs - Autism.

Léigh na treoracha chun an t-iarratas ar líne a chomhlánú go cúramach agus bí cinnte go bhfuil an fhaisnéis/na doiciméid ar fad atá riachtanach ar fáil sula dtosaítear ar an bpróiseas iarratais ar líne.

Dáta Deiridh

Ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe a bheith faighte faoi **5pm ar 11 Aibreán 2025**.

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le do thoil leis an Ionad um Riachtanais Speisialta Oideachais, Cuimsiú agus Éagsúlachta ag csenid.stangelas@atu.ie**.**

6. Maoiniú

De bhrí go bhfuil an clár seo á pháirtmhaoiniú ag Rannóg Oideachais Speisialta na Roinne Oideachais tríd an CNOS, **beidh iarratasóirí freagrach as táille de €300 in aghaidh an mhodúil a íoc.**

7. Taisteal agus Cothabháil

Cuirfear taisteal agus cothabháil ar fáil d'aon cheann de na gnéithe aghaidh-ar-aghaidh den chlár de réir rátaí Rannóg an Oideachais Speisialta.

8. Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar saoire phearsanta bhreise i dtaca le freastal ar an gClár.

9. Ionadaíocht

Ceadófar ionadaíocht, a gcaithfidh údarás bainistíochta na scoile/BOO í a cheadú. Ní mór go measfaí go bhfuil an ionadaíocht riachtanach chun tréimhsí neamhláithreachta ceadaithe an mhúinteora ó dhualgas teagaisc a chlúdach chun freastal ar an gcúrsa. Ní mór don scoil doiciméid ó CNOS/ ATU St Angelas ina sonraítear mionsonraí na neamhláithreachta a choinneáil.

10. Socruithe Tuarastail

Leanfar ag íoc tuarastail ar an ngnáthbhealach le gach múinteoir a scaoiltear saor óna scoil faoi théarmaí an Chláir seo.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh teidlíocht ar bith i dtaca le híocaíocht bhreise ón Roinn Oideachais i gceist má chríochnaítear an clár seo go rathúil.

11. Clár Máistreachta

Beidh siad siúd a chríochnaíonn an Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais - Uathachas go rathúil, agus a shásaíonn na riachtanais chuí, incháilithe chun dul ar aghaidh chuig MA i Riachtanais Speisialta Oideachais - Uathachas ag ATU San Aingeal. Tá tuilleadh eolais ar an gclár MA i Riachtanais Speisialta Oideachais - Uathachas i ATU San Aingeal ar fáil ar láithreán gréasáin ATU, Master of Arts in Special Educational Needs - Autism

Brendan Doody
Príomhoifigeach

An Rannóg Oideachais Speisialta

05 Márta 2025

Aguisín A
Teastas/Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas) 2025 - 2026

Modúl a hAon Uathachas a Thuiscint: Dearcthaí Teoiriciúla agus Impleachtaí don Chleachtas	• Lá Réamheolais • CNOS Cúrsa Tosaigh 4 Lá lena n-áirítear: o Réamheolas ar Uathachas o Treoir Don Dea-Chleachtas Maidir Le hUathachas o Timpeallacht Foghlama o Cumarsáid agus Uathachas o Folláine o Forbhreathnú ar CNOS Relate o Ról an CRS (comhpháirtíochtaí comhoibreacha) o Próiseáil Chéadfach o Difríochtaí Sóisialta a Thuiscint o Próiseáil Chéadfach o Difríochtaí Sóisialta a Thuiscint • Ullmhúchán do Theagasc agus Foghlaim do scoláirí Uathachais (Bunscoil) • Pleanáil do Scoláirí a bhfuil Uathachas acu (Iar-Bhunscoil) • Dearcadh Céadfach ar Fhoghlaim agus ar Rannpháirtíocht • Uathachas & Riachtanais Bhreise a tharlaíonn le chéile • Cuairt Ranga (Foireann Chomhairleach CNOS: Uathachas)
Measúnú	**Aiste**
Modúl a Dó Rannpháirtíocht Scoláirí le hUathachas: Measúnú agus Pleanáil don Teagasc agus don Fhoghlaim	• Samhail SCERTS (Social Communication Emotional Regulation and Transactional Supports) (3 lá) • Uathachas Airde (ar líne) • Modheolaíochtaí Amharc-Struchtúrtha Teagaisc (2-lá) **nó** Bunús na TEACCHing Struchtúrtha (ar líne) (2 lá) (*do mhic léinn a bhfuil Modúil 1 agus 2 don Teastas á gcur i gcrích acu agus dóibh sin amháin*) **Teanga agus Cumarsáid:** Ag Tacú le hIdirghníomhaíocht agus le Cumarsáid do Scoláirí Néar-dhíriúla (3 lá) Cuairt Ranga (Foireann Chomhairleach CNOS: Uathachas)
Measúnú	**Cás-Staidéar**

Modúl a Trí Scoláirí le hUathachas: Cuir Chuige Teagaisc	• Modheolaíochtaí Amharc-Struchtúrtha Teagaisc (2-lá) nó Bunús na TEACCHing Struchtúrtha (ar líne) • Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna (2 lá) • Scéal Sóisialta • TEACCH (5 Day)
	Tá na roghanna seo a leanas ar fáil sa mhodúl seo agus caithfidh rannpháirtithe **dhá** cheann ón liosta seo a roghnú: • Lámh • DIRFloor-Am • Ag Tacú le Scoláirí a bhfuil Uathachas orthu agus iad ag Aistriú tríd an Oideachas (Bunleibhéal nó Iar-bhunleibhéal) • Caidreamh, Gnéasacht & Uathachas • Dian-Idirghníomhaíocht • Ceol, Drámaíocht agus Ealaín Uilechuimsitheach d'Fhoghlaimeoirí Uathachais **NÓ** • Caithfidh rannpháirtithe an seimineár 2-lá a roghnú: Uathachas, Meabhairshláinte agus Imní a Bhainistiú
Measúnú	**Cleachtadh Oibre**
Modúl a Ceathair Tacú le Scoláirí le hUathachas maidir le Rialú Mothúchánach agus Iompar Dearfach a Chothú	• Difríochtaí Sóisialta a Thuiscint (Bunscoil agus Iar-bhuscoil) • Samhail Tacaíochta Relate (3 lá) • Machnamh ar Rialú Mothúchánach agus Tacaíochtaí Folláine (5 lá) • Cuairt Ranga (Foireann Chomhairleach CNOS: Iompar agus Folláine)
Measúnú	**Athbhreithniú ar an Litríocht:**
Cleachtadh Oibre	Tá críochnú an chleachtaidh oibre mar ghé fhíorthábhachtach don Teastas Iarchéime agus don Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas) (Féach cuid 3 den Chiorclán)

Teastas/Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas 2025- 2026)

Clár Iarchéime

Teastas Iarchéime

Modúl a hAon (Croí-Mhodúl)	Uathachas a Thuiscint: Dearcthaí Teoiriciúla agus Impleachtaí don Chleachtas

Agus

Modúl a Dó	Rannpháirtíocht Scoláirí le hUathachas: Measúnú agus Pleanáil don Teagasc agus don Fhoghlaim

Nó

Modúl a Trí	Scoláirí le hUathachas: Cuir Chuige Teagaisc

Dioplóma Iarchéime

Modúl a hAon	Uathachas a Thuiscint: Dearcthaí Teoiriciúla agus Impleachtaí don Chleachtas
Modúl a Dó	Rannpháirtíocht Scoláirí le hUathachas: Measúnú agus Pleanáil don Teagasc agus don Fhoghlaim
Modúl a Trí	Scoláirí le hUathachas: Cuir Chuige Teagaisc
Modúl a Ceathair	Tacú le Scoláirí le hUathachas maidir le Rialú Mothúchánach agus Iompar Dearfach a Chothú